Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2022 (OR. en)**

**14753/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0233(NLE)**

**RECH 598**
**ERAC 11**
**PI 156**
**EDUC 383**
**COMPET 899**
**IND 473**
**MI 823**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14448/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11789/22 |
| Ábhar: | *Cruinniú den Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 1 agus an 2 Nollaig 2022: ullmhúchán*<br>Moladh ón gComhairle maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais<br>– Glacadh |

1. An 9 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh moladh ón gComhairle maidir leis na treoirphrionsabail maidir le luachshocrú eolais[1].

2. Sa togra uaidh, mhol an Coimisiún go ndéanfaí Moladh 2008/416/CE ón gCoimisiún maidir le bainistiú maoine intleachtúla i ngníomhaíochtaí aistrithe eolais agus maidir le Cód Cleachtais d'ollscoileanna agus d'eagraíochtaí eile um thaighde poiblí a thabhairt cothrom le dáta, ós rud é go bhfuil athrú mór tagtha ar thírdhreach an taighde agus na nuálaíochta (T&N) ó thaobh gníomhaithe agus chastacht na n-éiceachóras T&N de, agus ó thaobh dúshláin dhomhanda de chomh maith.

[1] 11789/22.

3. Ba é ab aidhm don togra líne choiteann maidir le prionsabail bheartais agus bearta beartais a ghlacadh chun luachshocrú eolais san Aontas a fheabhsú gan forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorchur.

4. Ag na cruinnithe a bhí aici an 13 Meán Fómhair, an 13 agus an 27 Deireadh Fómhair 2022, scrúdaigh Meitheal na Comhairle um Thaighde an togra agus phléigh sí téacs comhréitigh a mhol an Uachtaránacht.

5. Tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an téacs comhréitigh athbhreithnithe[2] ón Uachtaránacht ag eascairt as nós imeachta neamhfhoirmiúil tosta a tugadh i gcrích an 4 Samhain 2022. Leagtar amach an leagan críochnaitheach den téacs a comhaontaíodh, tar éis athbhreithniú a bheith déanta air ag na saineolaithe dlí agus teanga, in 14448/22.

6. Tá sraith de 24 threoirphrionsabal sa dréachtmholadh ón gComhairle i réimsí amhail luachshocrú eolais i mbeartas T&N, scileanna agus cumais, dreasachtaí, bainistiú sócmhainní intleachtúla, ábharthacht i scéimeanna um maoiniú poiblí, piarfhoghlaim, méadrachtaí, faireachán agus meastóireacht. Tá raon feidhme na ngníomhaithe agus na ngníomhaíochtaí, i gcomparáid leis an Moladh 2008 ón gCoimisiún, níos leithne, le béim ar éiceachóras iomlán T&N. Leagtar béim sa Mholadh nua ar a thábhachtaí atá sé cleachtais agus scileanna fiontraíochta a fhorbairt, chomh maith le béim a leagan ar na riachtanais chun tionchar T&N a mhéadú.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

   (a) an comhaontú ar tháinig an Mheitheal um Thaighde air maidir le téacs an dréacht-Mholadh ón gComhairle a dhearbhú, mar a leagtar amach in 14448/22 é;

   (b) a mholadh don Chomhairle (COMPET) an Moladh ón gComhairle maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais, atá le foilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 2 Nollaig 2022.

---

[2] 13804/22.